Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11249/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0193 (NLE)**

**PROBA 26**
**AGRI 323**
**WTO 62**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 358 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le formheas an Aontais ar an leasú ar airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 358 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 358 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2025
COM(2025) 358 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**
**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le formheas an Aontais ar an leasú ar airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015**

GA GA

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (‘an Comhaontú’) mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 36:

‘Airteagal 36

Fad, síneadh agus foirceannadh

1. Fanfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026, mura rud é go gcuirfear síneadh leis faoi mhír 2 den airteagal seo nó go bhfoirceannfar níos luaithe é faoi mhír 3 den airteagal seo.

2. Féadfaidh Comhairle na gComhaltaí síneadh a chur leis an gComhaontú seo go ceann tréimhsí comhleanúnacha, tréimhsí nach rachaidh thar 5 bliana gach uair. Tabharfaidh Comhairle na gComhaltaí fógra don taiscí faoi aon síneadh den sórt sin. Aon chomhalta nach nglacfaidh le haon síneadh den sórt sin ar an gComhaontú seo, cuirfidh sé é sin in iúl do Chomhairle na gComhaltaí agus scoirfidh sé de bheith ina Pháirtí Conarthach sa Chomhaontú seo ó thús thréimhse an tsínidh.

3. Féadfaidh Comhairle na gComhaltaí cinneadh a dhéanamh maidir leis an gComhaontú seo a fhoirceannadh de chomhthoil. Leanfaidh na hoibleagáidí ar na comhaltaí go dtí an dáta foirceanta mar a chinnfidh Comhairle na gComhaltaí.

4. D’ainneoin dhul in éag nó fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, mairfidh Comhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a fhad is gá chun leachtú Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a dhéanamh, lena n-áirítear cuntais a ghlanadh, agus le linn na tréimhse sin, beidh cibé cumhachtaí agus feidhmeanna is gá aici chun na gcríoch sin.

5. Tabharfaidh Comhairle na gComhaltaí fógra don taiscí faoi aon chinneadh a dhéanfar faoin airteagal seo.’.